Bhí Grúpaí Tacaíochta (Méala, Tacaíocht do Thuismitheoirí, srl) ag obair leo go héifeachtúil agus spreagadh mic léinn le páirt a ghlacadh sna seisiúin ghrúpa. Níor measadh go raibh fadhb ar bith rómhór nó róbheag do na Comhairleoirí agus níor ghá do na mic léinn a bheith i gcrúchán chun leas a bhaint as an seirbhís in aisce seo. Spreagadh mic léinn le bualadh isteach ag amanna a fógraíodh ag tús an téarma. Tá súil ag Sláinte (Seirbhís Drugaí agus Alcóil MWHB) agus ag an bhfoireann tacaíochta beartas alcóil a chur ar bun. Bunófar cruinnithe NA agus AA agus cumfar ceistneoir aiseolais measúnaithe do mhic léinn. Bhí raon aoise de 17-51 ann do mhic léinn, agus bhí meánaois de 22 ann. Tugadh faoi deara gur tháinig 49.7% de na mic léinn chuig an tseirbhís dá stuaime féin, rud a léiríonn go bhfuil siad sásta leas a bhaint as an seirbhís Chomhairleoireachta.

Ba mar seo leanas a bhí na cúiseanna a bhí ag na mic léinn:

Drochíde 16, Acadúil 39, Imní 26, Iompar andúlach 9, Dúlagar/Anord Giúmair 32, Coinníollacha Meabharsláinte Eile 4, Sláinte Choirp 9, Anord Itheacháin 4, Caidrimh 38, Féiniúlacht agus Céannacht 11, Fadhbanna Gnéis 4, Trasdul 1, Cailliúint 22 agus Féinghortú 9.

Forbairtí le linn 2003/04

D'fhreastail triúr comhairleoir páirtaimseartha ar Chomhdháil Bhliantúil IAUCC i Maigh Nuad. D'fhreastail an Comhairleoir lánaimseartha ar chodhmháil faoi Fhoréigean Gnéis a tionóladh ag Ionad Géarchéim Éigniú Chorcaí agus rinne seirbhís Chomhairleoireachta UL óstáil ar cheardlann faoi Theiripe Teaghlaigh agus d'fhreastail an Comhairleoir agus beirt Chomhairleoir páirtaimseartha air seo chomh maith. Trí fhochoiste Riachtanais Speisialta na Comhairle Acadúla, rinne an tseirbhís Chomhairleoireachta a cion ar son na Cairte do Mhic Léinn atá molta. Rinne duine de na Comhairleoirí páirtaimseartha roinnt taighde dár teideal "Strus ar Mhic Léinn le Postanna" a chuir sí isteach mar chuid dá BA i gComhairleoireacht agus Síciteiripe. Ba é a conclúid go mbíonn strus ar gach mac léinn, ach gur mó an strus a bhíonn ar líon mór díobh a bhfuil postanna acu.

Conclúid: Leis na hathruithe agus na forbairtí a bhí ag leanúint ar aghaidh, bhí bliain an-táirgiúil ag an seirbhís i 2003/04, chonacthas 169 mac léinn le mórán fadhbanna agus táthar ag súil le múnla cleachtais d'ardchaighdeán a fhorbairt tuilleadh sa bhliain atá romhainn.

Gairmeacha

Bhí Frances Egan i mbun na seirbhíse Gairmeacha i gcónaí, agus i rith na bliana bhog sí go láthair nua den scoth, áit a bhfuil 'Seomra Faisnéise' breise mar a bhfuil rochtain ag mic léinn ar ábhar fiú nuair nach mbíonn Frances ar fáil.

Seo thíos liosta de na gníomhaíochtaí i nGairmtheoir i rith 2003/04

- Eagraíodh taispeántais Ranga ar son gach mac léinn Céime
- Tugadh seisiúin rialta grúpa faoi Ullmhú do Agallamh, chomh maith le rannpháirtíocht in Imirt Róil in Agallaimh agus agallaimh Bréige
- Chomh maith le cuairteanna aonair ar Ghairmeacha, úsáideadh ríomhphost go forleathan ar son faisnéise agus ceisteanna ginearálta.
- D'eagraigh Seirbhísí Ríomhairí ríomhphostanna ranga do mhic léinn Céime, rud a chuir modh den scoth ar fáil chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le mic léinn maidir le himeachtaí nó fógraíocht phostanna.
- Eagraigh Aonaigh éagsúla, d'fhreastail 500 mac léinn ar Aonach Earcaíocht ITL don Timpeallacht Tógtha, agus d'fhreastail 140 Mac léinn Céim ar Aonach Gairmeacha UL i mí Dheireadh Fómhair.
- D'fhreastail mic léinn as ITL ar Aonach Gairmeacha AISEC ag an RDS, ar Dheiseanna FÁS i bPáirc an Chrócaigh agus ar Aonaigh Iarchéime in UL agus ag an RDS.
- Cuireadh breis spéise i gclár Iasachta céimithe FÁS agus tá roinnt mic léinn á meas ar son socrúcháin i SAM agus sa tSín.
- Clár Eolaíochta agus Innealtóireachta FÁS/NASA – eagraíodh an tionscadal seo ag Intitiúid Teicneolaíochta Florida sa Kennedy Space Centre. Chuir 70 mac léinn as ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre isteach air, roghnaíodh 14 agus bhí beirt as ITL ina measc Clare O Donoghue agus Nicole O Mara.

- Ghnóthaigh beirt mhac léinn sparántachtaí chun obair leis an Institiúid Mhuirí ar feadh 8 seachtainí.
- Is eagraíocht neamhpholaitiúil, neamhspleách neamhrialtais é IAESTE – An Eagraíocht Idirnáisiúnta ar son Mic léinn le Taithí Theicniúil a Mhalartú, a dhéanann ionadaíocht ar son sainspéiseanna acadúla, tionsclaíocha agus mic léinn. Bhí triúr mac léinn as ITL páirteach anuraidh agus bhí duine acu sa seisear deiridh mar Oiliúnaí na Bliana. Bhí mic léinn ITL páirteach freisin i mbliana agus fuarthas dhá shocrúchán, duine sa Mhacadóin agus an duine eile sa Danmhairg.
- Bhí ITL freagrach as Víosáí Oibre a eisiúint do Cheanada i 2004 agus as Víosáí Intéirmeachta a eisiúint do SAM. Bhí fadhbanna ann ar dtús, ach tá sé i gceist ag an seirbhís Gairmthreorach bualadh le USIT chun na fadhbanna sin a sheachaint amach anseo.
- D'éirigh go han-mhaith leis an leathanach idirlín Gairmthreoir agus rinne Seirbhísí Ríomhaire athdhearadh ar an suíomh chun naisc dhíreacha a chur isteach go leathanaigh Gairmeacha na gcuideachtaí a bhíonn ag earcú mic léinn.

Chuir os cionn 173 cuideachta an Institiúid ar an eolas faoi fholúntais i rith na bliana acadúla.

Chuir 35 cuideachta taispeántais ar siúl do mhic léinn, d'eagraigh 34 cuideachta agallaimh san Institiúid,

D'fheastail 35 chuideachta (66 feidhmeannach) ar Aonach na Timpeallachta Tógtha

Aonach Earcaíochta

D'fhógair 41 cuideachta (nach raibh in ann freastal ar an Aonach) folúntais.

Déanann Cumann na Seirbhísí Gairmeacha do Chéimithe in Éirinn ionadaíocht do na Seirbhísí Gairmeacha sna hOllscoileanna agus i DIT, ach níl ballraíocht ar fáil d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Tháinig na hoifigigh Gairmeacha le chéile i rith na bliana agus bhunaigh siad ITCAN (Gréasán Gairmeacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta), agus i mí Eanáir, d'oscail AGCSI a bhallaíocht do na hInstitiúidí Teicneolaíochta uile. Beidh tionchar mór ag an dá athrú ar sholáthar seirbhísí Gairmthreorach trí fheabhas a chur ar an leibhéal faisnéise atá ar fáil agus trí rochtain a bheith acu ar fholseacháin agus ar oiliúint ábhartha, chomh maith le maoiniú a lorg ar son taighde agus cláir mhalartaithe.

D'fheastail an t-oifigeach Gairmeacha ar na himeachtaí seo leanas i rith na bliana:

- Get Ahead – Fóram Náisiúnta do Fhostóirí Chéimithe le Míchumais in UL
- Seoladh Seirbhís Treorach don Oideachas Aosach – Réigiún Luimnigh
- FAS Aonach Deiseanna – Páirc an Chrócaigh
- Cúrsa Oiliúna ITCAN – maidir le Prospects Net –IT Dún Dealgan
- Cúrsa Oiliúna AGCSI – Scileanna Infhostaitheachta - DCU
- Cúrsa Oiliúna AGCAS in IT Leitir Ceannain
- Seirbhís Rochtana

Seirbhís Rochtana

Eascraíonn beartas Rochtana na hInstitiúide as fealsúnacht lánpháirtíochta agus iniaimh shóisialta, atá tiomanta do na seirbhísí riachtanacha tacaíochta a sholáthar nuair is féidir. Tá sé d'aidhm ag an Seirbhís Rochtana iontráil agus rannpháirtíocht i gcláir acadúla agus saol na mac léinn san Institiúid a éascú do mhic léinn lánfhásta, do mhic léinn le riachtanais speisialta agus do mhic léinn ó ghrúpaí nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu faoi láthair.

Ba iad na cúramaí a bhí ar Sheirbhís Rochtana ITL i 2003/2004:

- rochtain ar iniaimh sóisialta a spreagadh agus a chothú i measc daoine a d'fhéadfadh a bheith ina mic léinn.
- bualadh le mic léinn le fáil amach cad a bhí le déanamh chun iontráil agus rannpháirtíocht i gcláir acadúla na hInstitiúide a chumasú
- a chinntiú go raibh ionchais na mac léinn fhéideartha bunaithe ar an bhfírinne ionas go bhféadfaí rogha eolach a dhéanamh.
- cóiríocht réasúnta a fháil agus a chur ar fáil a bheadh ag teastáil ó mhic léinn ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as an gclár is rogha leo.
- idirchaidreamh a dhéanamh le hOifigigh éagsúla Institiúide, le Scoileanna agus Ranna agus le Foireann Seirbhísí na Mac Léinn san Institiúid.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Seirbhís Rochtana ar fhochoistí Mic Léinn le Riachtanais Speisialta na Comhairle Acadúla.

Tugadh conradh do Pauline Lenihan chun Seirbhís Rochtana a sholáthar i mí Bealtaine 2000 agus lean sí ar aghaidh leis i mbliain acadúil 2003/4. Cuirtear an tacaíocht ar fáil ar bhealaí éagsúla, .i. Tacaíocht Airgeadais, Tacaíocht Teagaisc agus tacaíocht aonair agus ghrúpa. Lean an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar aghaidh lena maoiniú i 2003/04, agus fuarthas ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile freisin, asbhaintí foirme san áireamh.

Is liosta é seo leanas den tacaíocht a sholáthraítear do mhic léinn:

- Tacaíocht Ranganna Teagaisc Shonracha Discléicse
- Grúpa Tacaíochta Discléicse
- Tacaíocht Aonair
- Tacaíocht Scrúduithe
- Beartas Comhdheiseanna agus Rochtana do Mhic Léinn le Míchumais
- Oiliúint Foirne

Chomh maith leis sin, tiomsaíodh Grúpa Tuismitheoirí agus Grúpa Mac Léinn Aosacha agus ba iad na príomhábhair a tháinig aníos ná deacrachtaí cóiríochta agus costas agus infhaighteacht chúram leanaí.

Seirbhís Chóiríochta

Bhí an tSeirbhís Chóiríochta á comhordú ag Lily Goggin i gcónaí, chabhraigh sí le mic léinn cóiríochta a fháil agus deacrachtaí a bhain le cóiríochta a fháil a réiteach. Bhí Lily i mbun seirbhís atreoraithe, ionas nach raibh dúbláil ann agus daoine ag dul chuig an láthair chéanna. Dá thoradh seo, tá an-taithí faighte aici ar an gcóiríochta agus ar na tiarnaí talún uile sa cheantar máguaird, agus is í is fearr atá in ann comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair. Tá an tseirbhís seo ar fáil do Phrintísigh freisin.

Aontas na Mac Léinn

Lean an tAontas ar aghaidh ag feidhmiú mar sheirbhís neamhspleách ionadaíochta agus tacaíochta do mhic léinn trí an gCoiste Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. Tháinig forbairt ar an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na mic léinn agus is dá thoradh sin a tharla a lán den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil seo. Chuir Aontas na Mac Léinn tacaíocht, comhairle agus faisnéis ar fáil faoi réimse leathan ábhar. Is eagraíocht é Aontas na Mac Léinn atá á reachtáil ag mic léinn chun freastal ar riachtanas na mac léinn. Bhí Coiste Riartha, atá tofa ag balóid i measc na mac léinn, i mbun reachtáil laethúil an Aontais. Tá dhá aontas ar leith ann, Aontas an Scoil Ealaíne & Deartha agus Aontas Pháirc Mhaigh Lise, lena n-oifigigh tofa féin acu a bhíonn ina n-oifigigh sabóideacha don bhliain.

Socraíonn na mic léinn beartas agus treo foriomlán an Aontais ag a gcruinniú cinnbhliana

- chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus a gcearta a chosaint.
- chun bealach cumarsáide aitheanta a chur ar fáil idir na mic léinn agus údaráis na hInstitiúide
- chun áiseanna sóisialta agus siamsaíochta a sholáthar do mhic léinn
- Spreagtar mic léinn chun a bheith páirteach i ngnéithe spórtúla agus cultúrtha saol na hInstitiúide

Lean an tAontas ar aghaidh ag eagrú Seachtain Phléaracaim, Seachtain na Nuíosach agus siamsaíocht eile agus thug sé cúnaimh do chlubanna agus cumainn i rith na bliana. Bronnadh an brabús as a lán de na himeachtaí seo do charthanachtaí áitiúla.

Comhairle Spóirt

Déanann an Chomhairle Spóirt ionadaíocht do na mic léinn agus don bhfoireann uile agus chuir sí creatlach tacaíochta ar fáil do mhórán spórt. D'éirigh go maith le foirme na hInstitiúide go háirithe i Rugbaí, Camógaíocht agus i gcomórtais CLG ar feadh na tréimhse. Ceapadh Oifigeach Forbartha CLG lánaimseartha san Institiúid agus bronntar scoláireachtaí CLG ar mhic léinn ardchumasacha faoi scéim a d'eagraigh Comhairle na Mumhan den CLG. I measc spóirt eile a cuireadh ar fáil i rith na bliana bhí Sacar, Peil Ghaelach, Iománaíocht, Snámh, Camógaíocht, Hacaí, Rugbaí, Lúthchleasaíocht, Badmantan, Galf, Liathróid Láimhse, Imeachtaí Allamuigh, Peil na mban, Cispheil agus Tae Kwon Do. Ar nós Seirbhísí Tacaíochta eile na Mac Léinn, rinneadh maoiniú ar an gComhairle Spóirt as Táillí Seirbhísí Mic Léinn a d'íoc na mic léinn. Bhí saoráidí breise ar fáil le húsáid i rith na bliana, agus mhéadaigh an rannpháirtíocht dá réir.

Saoráidí na Mac Léinn

Ba mhór an áis an Pháirc Uile-Aimsire don Institiúid i gcónaí. Bhí sí ar oscailt ar feadh na seachtaine go léir agus an-éileamh uirthi ag an deireadh seachtaine, agus imríodh an-chuid cluichí d'ardchaighdeán inti. I measc réimsí eile a fuair tacaíocht bhí lamháltas do mhic léinn ón Scoil Ealaíne & Deartha chun cuairt a thabhairt ar Mhúsaem Hunt agus cuireadh deontais ar fáil freisin do chatalóg Thaispeántas Bliantúil na Mac Léinn Ealaíne & Deartha. Tá pleananna leanúnacha ann do Pháircanna Iomairtha agus ba chóir go mbeadh siad sin ag teacht in úsáid sa bhliain atá romhainn.

Seirbhís Baincéireachta

Bhí seirbhís iomlán baincéireachta, chomh maith le saoráid dáiliú airgid ag campas Mhaigh Lise, á soláthar ag Banc-Aontas Éireann.

Bialann na Mac Léinn

Bhí saoráidí iomlána bialainne ar fáil do mhic léinn ar campas Mhaigh Lise agus ar campas Shráid an Chláir i rith na bliana acadúla, agus foilsíodh na rialacha seo do na bialanna:

- Ní cheadaítear caitheamh tabac sa Bhialann
- Ní ceadaithe troscán ná trádairí a thógaint amach as an mBialann
- Ní mór do gach mac léinn a bheith glan agus sláintiúil in úsáid na saoráidí seo –úsáid na boscaí bruscair atá ar fáil, cuir trádairí úsáidte agus a bhfuil orthú ar na tralaithe atá ar fáil
- Mura gcomhlíontar na rialacha seo go leanúnach bainfear díot do chárta ID.

Mic Léinn le Deacrachtaí Foghlama

Spreagadh mic léinn le deacrachtaí foghlama chun a riachtanais a chur in iúl le linn Ionduchtú do cheann a Scoile/Roinne, agus/nó do bhall ar bith d’Fhoireann Seirbhísí na Mac Léinn, .i. Séiplíneach, Altra, Comhairleoir, Oifigeach Rochtana, a luaithe is féidir ionas gur féidir tacaíocht agus seirbhísí sásúla a chur ar fáil gan mhoill. D’éirigh go han-mhaith leis seo agus mhéadaigh an líon ar cabhraíodh leo ó na blianta roimhe seo, go háirithe ó thaobh tacaíochta ag am Scrúduithe.

Roinn 3:

3.9 Naisc Acadúla Sheachtracha (a) Náisiúnta (b) Idirnáisiúnta

Tá naisc ag ITL i gcónaí leis na heagraíochtaí agus leis na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla uile. Áirítear Forbairt na Sionnaine, an tÚdarás Forbartha Tionscal agus IBEC ina measc.

Tá naisc leitheadacha ag ranna agus Scoileanna aonair le cumainn ghairmiúla, ceirde agus gnó.

Tá an Institiúid ag forbairt a cuid nasc le heagraíochtaí san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar chuid dá gcúrsaí faoi chlár Erasmus. Is féidir le léachtóirí idirmhalartú a dhéanamh faoin gclár seo chomh maith.

Is gné de mhórán cúrsaí san ITL é an socrúchán oibre. Tá naisc déanta le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun socrúcháin a mhaoiniú do mhic léinn i gcuideachtaí Eorpacha.

Roinn 4: GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

4.1 Réamhrá

Bhí ionadaíocht ag an Oifig Forbartha ar réimse leathan de choistí beartais áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta. Is samplaí iad seo leanas de na coistí sin:

Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir (MWRA)

Tá Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir ar cheann de ocht réigiún reachtúil Phoblacht na hÉireann le timpeall 10% de an achar náisiúnta agus de dhaonra na tíre. Tá an tÚdarás comhdhéanta de na ceantair riaracháin Chomhairlí Contae An Chláir, Thiobrad Árann Thuaidh & Luimnigh agus Comhairle Chathrach Luimnigh. Tá sé de fhreagracht ar an Údarás seachadadh comhordaithe na Seirbhísí Poiblí a chothú i Réigiún an Iarthair Láir

Forbairt na Sionainne

Bhí an Institiúid páirteach i dtionscadal darbh ainm Gníomhartha Nuálacha a fuair maoiniú Eorpach. Sa scéim seo socraíodh baill foirne laistigh de Fhiontair bheaga agus mheánacha.

Fiontraíocht Éireann

Fuair an Institiúid maoiniú € 2.54 ó Fhiontraíocht Éireann chun Gortlann Gnó a lonnú ar Champas Mhaigh Lise. Beidh LITMUS ina shaoráid nua, nua-aimseartha, solúbtha 1200 m² ina mbeidh 24 aonad ainmniúil gortlaine agus 6 aonad comhtháite taighde chun tráchtálaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíocht T+F ITL faoi chlár ar nós CORD agus an Ciste Tráchtálaithe nó, níor fearr fós, i gcomhar le Fiontair Bheaga agus Meánacha faoin gClár Comhpháirtíocht Nuála. Cuirfear réimse iomlán seirbhísí comhroinnte agus muirithe ar fáil do chliantáí. De ghnáth tairgeofar socrú solúbtha ceadúnaithe do chliantáí LITMUS, le lonnaíocht de thrí blian ar a mhéid, ag íoc táillí cóiríochta agus costais i gcomhréir le méid an aonaid.

Roinn 4:

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

Tá a cumais thaighde á bhforbairt i gcónaí ag an Institiúid. Tá réimse leathan moltaí curtha ag an bhfoireann faoi bhráid na ngníomhaireachtaí maoinithe.

Le linn na bliana d'éirigh linn an maoiniú seo leans a ghnóthú:

Cód Tionscadail	Ball Foirme	Luach (Euro)	Teideal:
Comháirtíocht Nuála	Siobhan Moane	9,000.	Teicnící Anailíseacha Nua a Fhorbairt ar son Anailíse ar Dhrugaí Mí-úsáide
FAS P0097	Lucy Erridge, Liz Spillane	27,500.00	Teicneolaíocht Ball Éadaigh Iomlán
FAS P0105	Lucy Erridge, Liz Spillane	51,000.00	Riachtanais Oiliúna Dearthóirí
P0102 Forbairt na Sionainne	John Cosgrove	12,000.00	Taighde Uathoibrithe
P0103 Forbairt na Sionainne	John Cosgrove	7,500.00	Seimineár Uathoibrithe
P0104 Forbairt na Sionainne	Éagsúil	55,000.00	Gníomhartha Nuálacha Taighde Iarchéime agus Forbairt Scileanna
Feidhmchláir P0109	John Cosgrove	33,500.00	Giniúint Uathchóid i gCórais Neadaithe Taighde Iarchéime agus Forbairt Scileanna
Feidhmchláir P0108	Louise Nugent	32,000.00	Éifeacht Dí-idirmheánaithe an WWW
Fáilte Éireann P0107	Catriona Murphy	32,000.00	Íomháíocht Cheann Scríbe Turasóireachta
FAS S024	Ciaran O'Loughlin	67,105.00	Forbairt Churaclam – Feisteoireacht

4.3 Mic Léinn Iarchéime

Bhí na Mic Léinn Iarchéime seo leanas ag freastal i rith na bliana 2003/2004:

Ainm	Scoil/Roinn	Gradam
Jennifer Comber	Ealaín & Dearadh	MA
Niall Kelly	Innealtóireacht & T.F.	MSc
Regina Corcoran	Ealaín & Dearadh	MA
James Ring	Innealtóireacht & T.F.	MSc
Philip Kenny	Ealaín & Dearadh	MA
Brendan Donnelly	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
John Langan	Ealaín & Dearadh	MA
Aodhán MacAleer	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
Philippa Little	Ealaín & Dearadh	MA
Patrick O Callaghan	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
Justin Walsh	Ealaín & Dearadh	MA
Rachel O Toole	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
Joanne Neville	Timpeallacht Thógtha	MSc
Margaret Spillane	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
Daniel Murphy	Gnó & Daonnachtaí	MBS
Steven Lynch	Inn Leictreach & Leictreonach	MSc
Conor O Donovan	Gnó & Daonnachtaí	MBS
Tara Kelly	Teicneolaíocht Faisnéise	PhD
Claire Phelan	Gnó & Daonnachtaí	MBS
Michael Breen	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Brendan Daly	Innealtóireacht & T.F.	PhD
Marian Carcary	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Donna Leamy	Innealtóireacht & T.F.	PhD
Kevin Murphy	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Anne Moran	Innealtóireacht & T.F.	PhD
Philip O Brien	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
David Fennell	Innealtóireacht & T.F.	MSc
Michael Breen	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Sinead Hennessy	Innealtóireacht & T.F.	MSc
Michael Breen	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc

Céimithe Samhain 2003

Ainm	Scoil/Roinn	Gradam
Kevin Delaney	Ealaín & Dearadh	MA
Martin Folan	Ealaín & Dearadh	MA
Jayne Foley	Ealaín & Dearadh	MA
Suzanne Geraghty	Ealaín & Dearadh	MA
Martin Shannon	Ealaín & Dearadh	MA
Nathaniel Young	Ealaín & Dearadh	MA
Yvonne Costin	Teicneolaíocht Faisnéise	MBS
Kathleen O Malley	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Fiona Walsh	Eolaíocht Fheidhmeach	PhD
Declan Gleeson	Gnó.	MBS

Roinn 4:

4.4 Forbairt Champais

San bhliain atá á hathbhreithniú, rinneadh tuilleadh oibre ar an gcéim dheireanach den athchóiriú i Sráid an Chláir agus fuarthas cead pleanála. Táthar ag fanacht ar fhaomhadh na Roinne Oideachais & Eolaíocht chun dul chun tairiceana.

Idir an dá linn, rinneadh obair ar bhinn agus ar cheantair dín chun plé le fadhbanna taise agus rinneadh deisiúcháin ar an gcóras teasa sna ceantair nach bhfuil athchóiri.

Rinneadh tosaíochtaí an tionscadal caipitil a chur i láthair an Údarás Ardoideachais. Tógadh Saotharlann Eolaíochta Foiréinseach agus rinneadh an Saotharlann Neomatach a athlonnú. Tógadh Stiúideo Fuaimne agus Físe. Cuireadh athchóiriú agus feistiú dhá Aonad Tacaíochta Acadúil as ceithre chinn i gcrích agus bog Aontas na Mac Léinn, Seirbhísí na Mac Léinn, Wired Radio FM, MIS agus ball eile foirne isteach sna foirgnimh seo, áit a bhfuil roinnt spáis do sheomra ranga ar baineadh úsáid as chomh maith.

Rinneadh an Fothain do Rothair ar an gCampas a leathnú amach agus síneadh Bhialann na Foirme á chur i gcrích. Tosaíodh ar an obair cheantair chun an córas CCTV san Aonad Tacaíochta Acadúil a leathnú. Cuireadh ceamaraí stua in áit na seancheamaraí PTZ CCTV a chlúdaigh Campas Pháirc Mhaigh Lise. Rinneadh athchóiriú ar Ionad Spóirt Woodview agus tógadh balla teorainn ar an gcríoch sin.

Rinneadh an obair ullmhúcháin chun clampáil rothaí a thabhairt isteach sa Champas. Suiteáladh foirgnimh réamhdhéanta chun ullmhú do bhlocanna printísigh a thosóidh i 2004/05. Roinneadh athchóiriú ar fhoirgneamh réamhdhéanta a bhí ann cheana chun cúrsa i gceird na plástarála a thabhairt isteach. Suiteálach doirse eisiamh séideain ar an seanchuid den bpríomhfhoirgneamh i bPáirc Mhaigh Lise. Ceapadh foireann dheartha don bhfoirgneamh LITMUS.

Cuireadh roinnt tionscadail sábháilteachta i gcríoch go háirithe i gceantair na Saotharlanna Eolaíochta mar ar suiteadh córais brath agus promhaidh gáis. Rinneadh tástáil RCD agus Legionella den chéad uair. Cuireadh an soláthar leicteachais go Campas Pháirc Mhaigh Lise amach ar tairiscint den chéad uair agus ceapadh soláthraí nua chun leas a bhaint as an dírialáil. Bhí ionadaíocht ag an Institiúid ar ghrúpa measúnaithe náisiúnta don chóras nua bogearraí amchláir. Suiteáladh ceantair Saotharlanna T.F. don chúrsa Ilmheán agus do Roinn na Timpeallachta Tógtha.

Suiteáladh comharthaíocht bhreise Campais. Suiteáladh bearta breise slándála i gceantar an phríomhsheirbhís bialainne. Fuarthas trealamh breise do Amharclann na Mílaoise. Cuireadh tarma ar chuid de thailte Champas Sráid an Chláir. Rinneadh nuachóiriú ar cheantair sa phríomhLeabharlann.

Roinn 4:

4.5 Sábháilteacht & Saoráidí

Coiste Comhairleach Sábháilteachta

Lean an Coiste Comhairleach Sábháilteachta lena chuid oibre le cúig chruinniú i rith na bliana.

Oiliúint

Cuireadh oiliúint ar fáil i Láimhsiú, Tarrtháil Ardaitheora, Trealamh Sábhála ó Thitim, Dualgais Mhaor Dóiteáin agus faoin bPainéal Aláram Dóiteáin do na baill phearsanra chuí.

Ráiteas Sábháilteachta

Rinneadh leasú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus eisíodh é chuig gach ball foirne, idir lánáimseartha agus páirtaimseartha.

Sábháilteacht Dóiteáin

Ceanglaíodh an córas Aláram Dóiteáin i gCé Sheoirse le Chubb Monitoring i mBaile Átha Cliath. Ciallaíonn sé seo, má tharlaíonn dóiteáin tar éis gnáthuaireanta dualgais, go nglaofaidh ionadaí ó Chubb chuig an áitreabh agus go gcuirfidh sé gloch ar an mBriogáid Dóiteáin más gá. Cuireadh múchtóirí dóiteáin ar fáil sna saotharlanna nua Eolaíochta, sna hoifigí agus sna clóis gháis. Rinneadh tástáil chuimsitheach ar na cloigíní i gCampas Shráid an Chláir agus cuireadh gléasanna eile ar fáil tar éis na tástála chun go mbeadh an t-aláram dóiteáin le cloisteáil ar fud an fhoirgnimh. Ceanglaíodh ceithre fheisteas déag breise le painéal an aláram dóiteáin i gCampas Mhaigh Lise. Ceanglaíodh Ceanar na Líníochta Beo i Sráid an Chláir le Painéal an Aláram Dóiteáin. Cuireadh gléasra breise ar fáil sna saotharlanna Eolaíochta le cinntiú go gcloisfeadh gach duine sna saotharlanna an t-aláram dóiteáin. Rinneadh séaladh ar oscailtí cábla agus seirbhíse i Seomra Stiúrtha Ríomhaire Champas Mhaigh Lise le cinntiú go n-oibreodh an Córas Múchta go héifeachtúil agus chun deatach agus múch a choinneáil amach as an seomra. Rinneadh seirbhísiú ar na gaothairí deataigh ar an díon le cinntiú go n-oibreoidh siad go sásúil. Eagraíodh druileanna dóiteáin i ngach foirgneamh san Institiúid faoi réir na Reachtaíochta Náisiúnta agus Bheartas na hInstitiúide. Rinneadh cothabháil ar na múchtóirí tine agus ar na spóil osáim de réir I.R. 291. Rinneadh tástáil ar an hiondrant dóiteáin i gCampas Mhaigh Lise agus i Sráid an Chláir le cinntiú go bhfuil soláthar sásúil uisce ar fáil. Rinneadh seirbhísiú ar na Córais Aimsiú Tine agus Rabhaidh, i Maigh Lise agus i Sráid an Chláir de réir I.R. 3218.

Soilsíú Éigeandála

Bronnadh conradh cothabhála ar son chothabháil na gcóras éigeandála soilsithe ar Pat Woods Electrical Ltd., a dhéanfaidh cothabháil ar na córais faoi réir I.S. 3217.

Urláir

Cuireadh cóireáil ‘neamshleamhnaitheach’ ar na hurláir terrazzo agus ar na staighrí i Sráid an Chláir agus i gCéi Sheoirse chun comhéifeacht frithchuimilte na n-urlár a mhéadú.

Córas Sábhála ó Thitim

Rinneadh scrúdú, seirbhísiú agus tástáil ar na córais sábhála ó thitim san Aula Maxima, in Amharclann na Mílaoise agus sa Bhloc Riaracháin, le cinntiú go raibh siad ag feidhmiú go sásúil.

Trealamh Cosantach Pearsanta

Eisíodh Gloiní Sábháilteachta do na mic léinn go léir ar na cúrsaí bríceireachta/blocadóireachta chun gortú súl a chosc. Eisíodh miotóga gearradhchosantacha gairmiúla chuig mic léinn lónadóireachta chun gearradh ar lámha agus méara a chosc agus sceana á n-úsáid.

Céad Chabhair

Cuireadh trealamh céadchabhrach ar fáil i Saotharlanna Eolaíochta éagsúla, i mBloc Lámach na Mac Léinn 14 agus in Oifigí na bhFeighlithe, Campas Mhaigh Lise.

Measúnú Priacail

Rinneadh measúnuithe priacail i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, sa Roinn Phriontaí 1ú bliana agus sa Ronin Leictreach, Campas Mhaigh Lise.

Conraitheoirí

Chuir gach conraitheoir/fochonraitheoir a fostaíodh nó a chuir seirbhísí ar fáil don Institiúid fianaise ar fáil dá gcumhdach Árachais agus cuireadh iad sin ar aghaidh go O'Malley Griffin insurers le measúnú a dhéanamh orthu.

Ardaitheoirí

Tá na diallóirí uathuibreacha sna hardaitheoirí ar Champas Mhaigh Lise socraithe le glaoch ar líne díreach malartáin atá neamhspleách ar an gcóras PABX. Ciallaíonn sí sin go mbíonn an líne teileafóin ag obair i gcás teip sa chóras.

Rochtain ar an Díon

Cuireadh trí dhréimire cait ar fáil chun rochtain shábháilte ar na díonta i gCé Sheoirse a chinntiú.

Tástáil Reachtúil

Rinne ionadaithe Eagle Star Insurance cigireacht, tástáil agus deimhniú phreas gaile breise a cuireadh ar fáil i gCé Sheoirse.

Cáipéisí Beartais

Eisíodh Beartas “Láthair Oibre saor ó Dheatach” na hInstitiúide i ngéilliúntas don togra “Saor ó Dheatach ag Obair”, chun gach fostaí, mac léinn, soláthraí seirbhísí, cuairteoir, srl, a chosaint ó dheatach tabac sa timpeallacht.

Eisíodh beartas na hInstitiúide freisin maidir le Tástálacha Súil agus Radhairc do Úsáideoirí ríomhairí/VDU a sholáthar. Sásaíonn an beartas seo riachtanais na Rialacháin um Shábháilteachta, Shláinte agus Leas ag an Obair, Feidhmeanna Ginearálta 1993, Obair le Trealamh Taispeána.

Comharthaíocht

Cuireadh comharthaí oiriúnacha ‘Na Caitear Tobac’ in airde ar fud Foirgnimh uile na hInstitiúide faoi réir Threoirilinte na hOifige um Rialú Tobac.

Gás

Suiteálach córas promhadh brú gáis le haonaid bhraite sna Saotharlanna Eolaíochta. Déanfaidh na haonaid seo aon sileadh gáis a bhraith agus nuair a mhúsclaítear iad múchfaidh siad an soláthr gáis go huathoibreach agus cuirfidh siad aláram fuaimne ar fáil chomh maith. Rinneadh na sconnáí gáis sna cochaill múcha sna Saotharlanna Eolaíochta a athsholáthar. Athlonnaíodh na sorcóirí gáis sa dá fhothain gháis agus cuireadh fothain bhreise ar fáil sa cheantar Eolaíochta le cinntiú go sásaíonn ár gcóras dáiliú gáis riachtanais Chóid Chleachtais an British Compressed Gases Association.

Timpistí

Tuairiscíodh seasca sé timpiste le linn na tréimhse, bhí mic léinn páirteach i gcúig cinn is caoga, baill foirne i dhá chean déag, conraitheoirí sé chinn, agus cuairteoir i gceann amháin.

Bhain cailliúint ama le naoi dtimpiste, trí thimpiste foirne agus sé chinn a bhain le mic léinn. Cailleadh lá is fiche de bharr na dtimpistí, aon lá déag i gcás baill foirne agus deich lá do mhic léinn.

Cuireadh dhá cheann de na timpistí le baill foirne in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Roinn 5 - PEARSANRA

5.1 Tuarascáil Phearsanra Bliain Acadúil 2002/03

Bliain Acadúil: 2003/2004

Líon foirme de réir earnáil (Lánaimseartha Buan)

	Mar a bhí ag 31/08/03	Mar a bhí ag 31/08/04
Foireann Acadúil	195	198
Riarachán/Leabharlann/Bainistíocht Shinsireach/Seirbhísí	58	66
Teicneoirí/Cúntóirí Ceirde	24	26
Feighlithe	14	14

Sosanna Gairme

Alan Sheahan	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Martha Brennan	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Kay Fitzgerald Nolan	Oifigeach Foirme, Grád V
Ultan Gogarty	Bainisteoir na nEastát (Iasacht)
Michelle McKeon	Léachtóir Cúnta Eolaíochta, (Iasacht)

Saoire Speisialta

Catherine Bates	LC Ealaín & Dearadh
Dougal McKenzie	LC Ealaín & Dearadh

Foireann dearbhaithe le haghaidh ceapúcháin (Lánaimseartha Buan)

Martin Healy	Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne & Deartha
Katherine Maughan	Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Seamus O'Sullivan	Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Rita Scully	Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Catherine Jones	Léachtóir Cúnta, Gnó agus Daonnachtaí
Karen Sugrue	Léachtóir Cúnta, Gnó agus Daonnachtaí
Elizabeth Moore	Léachtóir Cúnta, an Roinn Eolaíochta
David Sutton	Léachtóir Cúnta, an Roinn Eolaíochta
Jerald Cavanagh	Leabharlannaí na hInstitiúide
Noreen Keane	Comhairleoir na Mac Léinn
Linda Barry	Oifigeach Rochtana, Grád VII
Anne Culhane	Leabharlannaí Cúnta
Siobhan Grace	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Padraig Kirby	Cúntóir Leabharlainne, Grád 2
Teresa O'Sullivan	Oifigeach Foirme, Grád V
Edel Quinn	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Elaine Tucker	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Michael Tuohy	Teicneoir Seirbhísí Ríomhairí
Brian Harty	Teicneoir Seirbhísí Ríomhairí

Lucht Fágála

Pat Dillon Léachtóir Cúnta, an Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonaic

Frank Walsh Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonaic (ar scor)

An Dr. Ruaidhrí Neavyn Cláráitheoir Gníomhach

An Dr. Charles Quaid Ceann Gníomhach na Roinne SOPS

George Kelly Léachtóir, SOPS (ar scor)

Neil Darbey Leabharlannaí na hInstitiúide

Roinn 5:

5.2 Scéim Forbartha Foirne le cúnamh CFE

Cúrsaí	Dáta:	Rannpháirtithe
Oiliúint Sábháilteachta		
Cúrsaí Oiliúna do Mhaoir Dóiteáin		
Comhdháil NISO 2003		
Oiliúint i Láimhsiú, cúrsa athnuachana		
Oiliúint Aláram Ardaitheora & Dóiteáin do Fheighlithe		
Cruinnithe Bhainisteoirí na nEastát		
Oiliúint Riaracháin		
Oiliúint Ionduchtaithe d'Fhoireann Riaracháin	04/09/03	
Oiliúint MIS d'Fhoireann Riaracháin		
Oiliúint Leanúnach don Chóras Iontrála na Foirme Tionscadail		
Oiliúint ar Agresso		
Cúrsa Miontuairiscí (Irish Times Training)		
Teastas Náisiúnta Staidéar Gnó/B.B.S.	2003-04	3
I.M.I. Teastas Bainistíocht Mhaoirseachta	2003-04	7
B.B.S. (U.C.D.)	2003-04	1
Dioplóma i mBainistíocht Phearsanra (U.L.)	2003-04	1
Diop/MSc i Léann Faisnéise & Leabharlainne	2003-04	1
M.Phil, OÉ	2003-04	1
B.Sc i mBainistíocht	2003-04	1
Ard-Diop in Acmhainní Daonna (ICM)	2003-04	1
Oiliúint Acadúil		
Oiliúint Ionduchtaithe d'Fhoireann Acadúil	04/09/03	
Oiliúint Oideolaíochta Bhaill nua den Fhoireann Acadúil	02&03/09/03	12
Cúrsa aon lae Ionduchtúcháin don fhoireann Acadúil	24/10/03	11
M.Sc i mBainistíocht Fhoirgníochta	2003-04	1
Oiliúint sa Roinn Seirbhísí Ríomhairí		
Seirbheálaí Microsoft Exchange		2
Suiteáil agus Tástáil Snáithín Optach		1
Riarachán Ghréasáin Windows 2000		1
Gréasáin Alcatel		4
Teicnicí Láithreorachta		1
Teicnicí Meastóireachta		1
Scileanna Trealúis		1

Oiliúint Leabharlainne

Foghlaim agus Múineadh Éifeachtúil a Phósadh le Teicneolaíocht Ar Líne

Uislisí & Teicnící do Bhainistiú Tionscadail

Táscairí Feidhmíochta

In Uair na Práinne – Pleanáil Tubaiste do Leabharlanna Acadúla

Bonnchúrsa i gCórais Leabharlainne

1

Oiliúint Acmhainní Daonna

Seimineáir via Comhairle Stiúrthóirí

2

Dlí na Fostaíochta - IBEC

2

Oiliúint Ghinearálta

Oiliúint 3 Lá do Lucht Teagmhála/Ainmnithe maidir le

Bearta Dínit agus Measa ITL maraon le faisnéisiú foirne

Seimineár do Bhainisteoirí HOS/HOD faoi Ullmhú Buiséad Oiliúna

Oiliúint Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn

Comhairleoireacht Lasmuigh do Fhoireann Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn

Iomlán

56

Roinn 6 – TUARASCÁIL AIRGEADAIS

6.2 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2004

6.2 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2004

	Nóta:	2004	2003
		IR€000	IR€000
Ioncam			
Deontas Stáit	1	15,650	16,751
Scaoilte ón gCuntas Caipitil	18	1,345	1,161
Táillí Teagaisc	2	5,261	4,993
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	550	875
Ioncam Úis		127	197
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	2,738	7,988
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	251	250
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	1,174	705
Ioncam Eile	5	1,391	1,238
		28,487	29,158
Caiteachas			
Ranna Acadúla	8	17,717	16,630
Seirbhísí Acadúla	9	1,295	1,097
Aitribh	10	2,266	2,035
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	11	2,678	2,973
Caiteachas Ginearálta Oideachasúil	12	635	554
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	1,321	942
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	251	250
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	550	952
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	1,174	952
Dímheas	15	1,345	1,161
		29,232	27,299
Farasbarr Oibriúcháin (Easnamh)		(745)	1,859
Aistriú go Cúlchiste Srianata		(420)	(1,151)
Farasbarr carnaithe ag tús na bliana		3,536	2,828
Farasbarr carnaithe ag deireadh na bliana		2,371	3,536

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe John Gallahue Vincent McCarthy

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-25.

Níor aithníodh aon ghnóthachan ná cailteanas, seachas iad siúd atá pléite sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais seo.

Roinn 6:**6.3 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2004**

Clár comhardaithe mar a bhí ag 31 Lúnasa 2004

	Nóta:	2004	2003
		IR€000	IR€000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	52,240	49,831
Sócmhainní Reatha			
Feichiúnaithe	16	4,465	4,385
Airgead sa bhanc agus ar lámh		5,227	7,535
		9,692	11,920
Creidiúnaithe			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	(4,618)	(5,170)
Sócmhainní Reatha glan		5,074	6,750
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		57,314	56,581
Sócmhainne glana			
Léirithe ag:		57,314	56,581
Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	18		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		52,240	49,831
Cuntas	24	2,371	3,536
Cúlchiste Srianata		2,703	3,214
		57,314	56,581

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe John Gallahue Vincent McCarthy

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-26.

Roinn 6:**6.4 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2004**

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2004

	Nóta:	2004 IR€000	2003 IR€000
Ioncam			
Airgead a fuarthas ó:			
Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach		17,281	19,627
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil an Stáit do Chaiteachas Athfhillteach		13	44
Asbhaintí Coimeádta Aoisliúntais		1,189	1,033
Táillí Teagaisc		4,584	5,413
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt		1,310	2,048
Ioncam Úis		146	190
Ioncam Eile		3,246	1,224
		27,756	29,579
Íocaíochtaí Airgid chuig agus ar son Fostaithe		(22,207)	(19,920)
Íocaíochtaí Airgid go Soláthróirí		(7,625)	(5,894)
Airgead glan as oibríochtaí (Eis-sreabhadh) Caiteachas Caipitil		(2,076)	3,765
Deontas a fuarthas ó:			
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil		883	5,201
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil Athfhillteach an Stáit Caiteachas Caipitil		1,748	999
Deontais Eile		1,124	770
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Socraithe a fháil		(3,477)	(8,078)
Insreabhadh glan airgid (Eis-sreabhadh) as caiteachas caipitil		278	(1,108)
Airgead glan (eis-sreabhadh) roimh dheontais			
mhic léinn Cúlchiste Srianata	19(a)	(1,797)	9,657
Airgead glan (eis-sreabhadh) as deontais mhic léinn	19(b)	1	0
Eissreabhach glan airgid as Cúlchiste Srianata		(512)	643
Meadú/(Laghú) in airgead agus i gcóibhéiseanna airgid	19(c)	(2,308)	3,300

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe John Gallahue Vincent McCarthy

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus Nótaí 1-26.

Roinn 7 - COMHDHEISEANNA

7.1 Beartas Comhdheiseanna

Ráiteas beartais

Is fóstóir comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta comhdheiseanna a chur ar fáil in oideachas, i bhfostaíocht agus in oiliúint. Ní dheileálfar le haon iarrthóir ar chúrsa, mac léinn, iarrthóir ar phost ná aon fhostaí le níos lú fábhair mar gheall ar ghnéas nó stádas pósta. Diúltaíonn an Institiúid d'aon idirdhealú díreach nó indíreach ar bhonn dath, reiligiúin, cine, náisiúnacht, bunús eitneach nó náisiúnta, inscne nó stádas pósta. Is ar bhonn oiriúnachta amháin a dhéanfar gach cine maidir le hearcaíocht, oiliúint, ardú céime, forbairt ghairme agus coinníollacha seirbhíse.

Aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta do fheasacht a chruthú faoin ngá atá le dearcadh neamhidirdhealaitheach. Is é cuspóir an Bheartais Chomhdheiseanna tiomantas ITL do chomhdheiseanna a léiriú go soiléir. Aithnítear go bhfuil sé rithábachtacht go nglacfadh foireann an ITL agus cuallacht na mac léinn le dearcadh neamhidirdhealaitheach.

Is iad cuspóirí an bheartais a chinntiú nach ndéanann ITL aon idirdhealú i gcoinne aon fhostaí nó iarrthóir ar oideachas nó ar fhostaíocht maidir le:-

- Rochtain ar Oideachas
- Rochtain ar Fhostaíocht nó ar Ardú Céime
- Folúntais a Fhógairt
- Earcaíocht agus Roghnú
- Coinníolacha Fostaíochta
- Oiliúint agus Forbairt

Roinn 8:

8.1 Nuacht agus Imeachtaí 2003/2004 (Sleachta as na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta)

An Spás – an Teorainn Dheireanach

I mí Meithimh, ghnóthaigh léachtóir comhshaoil Institiúid Teicneolaíocht Luimnigh, Michelle McKeon áit ar chlár bliana NASA ag Cape Canavearal a d'fhéadfadh céadspásaire na hÉireann a dhéanamh di. Dhiúltaigh NASA di ar dtús mar nach saoránach SAM í ach ghlac siad léi faoi dheireadh mar gheall ar a cuid oibre hidrapanaic. Is í sin an eolaíocht a bhaineann le plandaí a fhás gan ithir agus tá an-dul chun cinn déanta ag Michell sa réimse seo, ag déanamh staidéir ar phlandaí a fhásann i bportach Chlárach in Uíbh Fháile.

D'fhéadfaí modh a fhorbairt chun bia a tháirgeadh agus dramhaíl daonna a dhiúscairt ar bord spásárthaigh de bharr a cuid oibre. Cheadódh sé seo misiúin fhada le daoine sa spás. D'iarr NASA ar McKeon traenáil mar spásaire chun cur lena cuid oibre, agus trialacha a dhéanamh lasmuigh d'atmaisféar an domhain.

Saothar Ealaíne beo ag Treasa O'Brien

Beidh céimí as Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Treasa O'Brien páirteach i bhféile Mhaigh Eo i mbliana. Tá féile na bliana seo dírithe ar chur chuige spésiúil malartach don ealaín a chur i láthair.

Clúdaíonn saothar Threasa mórán ealaíona, lena n-áirítear déanamh priontaí, suiteáil, dealbhóireacht agus taibhealaín agus bhí sí páirteach i mórán imeachtaí mórлуachacha ealaíne, ar nós EV+A 2001 agus Féile Ealaíon Chill Chainnigh – Imeacht Dealbhóireachta Cheannanais 2002. Is saothar beo ealaíne é tionscadal Threasa dar teideal “Ealaín an Taibhrimh” a chuirfear i láthair gach lá den bhféile in ionad ainmnithe sa bhaile.

Tá sé in am tabhairt faoin Ealaín

Tá taispeántas ealaíon ar siúl i nDánlann Church Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh dar teideal “Chapters of Approach” as seo go dtí an 26 Meán Fómhair. Tá saothar ó 23 ealaíontóir sa Taispeántas. Is céimithe de chuid Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh iad formhór na n-ealaíontóirí agus tá na stiúideonna á n-úsáid mar ardán acu chun teacht amach mar ealaíontóirí atá ag cleachtadh. Dírionn an taispeántas ar chur chuge aonair gach ealaíontóra agus ar an mbaint atá acu leis an láthair choitianta oibre.

Cuireann Taispeántas Ealaíne an bhéim ar thimpeallacht Chill Dara

Beidh céimí as Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, Turlough Rynne, ag léiriú comhthaispeántas lena chomhealaíontóir Bríd Óg Norrby ag an Seanmhuileann i Nás na Rí. Timpeallacht is teideal don taispeántas agus deirtear gur réimse é de shamplaí breátha de shaothar na beirte. Tugann an taispeántas deis neamhghnách do dhaoine ealaín a cheannach ó ealaíontóirí óga a bhfuil geallúint fúthu agus iad i dtús a ngairme.

Aighneas faoi Bhalla Shráid an Chláir

Chuir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh iarratas isteach ar chead chun bealach nua isteach a dheanamh agus an carrchlós ag an Scoil Elaíne agus Deartha ar Shráid an Chláir a leathnú. D'iarr an Crl Kieran O'Hanol ar Chomhairle na Cathrach an balla a leagadh mar go bhfuil sé gránna agus ina bhaol slándála. Dar leis an gCrl Richard Sadlier tá sé ar cheann de na ballaí deireanacha dá leithéid i Luimneach agus níor chóir é a leagadh.

Ná bí buartha faoi na Rudaí Tábhachtacha

Tá 'Don't Worry about the Important Things' le Derek O'Sullivan á oscailt ag Déantóirí Priontaí Luimnigh ag Dánlanna Déantóirí Priontaí Luimnigh ón 8ú go dtí an 9ú Deireadh Fómhair. Is é an t-ealaíontóir Terry Gravitt, atá ina léachtóir mínealaíne i LSAD agus SMIT, a osclóidh an taispeántas go hoifigiúil ar an gCéadaoin.

Ghnóthaigh O'Sullivan Sparántacht Déantóirí Priontaí Luimnigh do Chéime ón Roinn Déanamh Priontaí i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh do 2002/03. Is ionann an Sparántacht agus ballraíocht bhliana le húsáid saoráidí stiúideo agus bíonn taispeántas aonair ann ag deireadh na bliana.

Taispeántas Spleodrach Ceoil

Bhí oíche dhraíochtúil ag roinnt de shaoránaigh ádhmharacha Luimnigh le meascán d'amhráin clasaiceacha ar leith. Tar éis gur go raibh díolachán iomlán ar léiriú a bhí acu níos luaithe sa bhliain, tháinig Phantom of the Opera ar ais go Amharclann na Mílaoise in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun taitneamh a thabhairt do lucht leanúna ceoil an tseachtain seo caite.

Tagann aontais na gcoláistí le chéile

Le tromlach ollmhór vótáil mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son a bheith ina gcuid de eagraíocht a dhéanfaidh ionadaíocht do choláistí tríú leibhéal uile na cathrach. 92.5% a vótáil ar son dul isteach gCumann Aontas Mac Léinn Luimnigh (LASU). Beidh ionadaithe as ITL, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál agus Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh in LASU feasta. Dúirt leasuachtarán aontas na mac léinn in ITL, Eamon Clancy "Creidimidne in Aontas na Mac Léinn go ndéanfaidh an cumann seo leas na mac léinn i Luimneach."

Bronnann Senator Engineering Sparánachtaí ar chéimithe Mannix

Bhí Stiúrthóir Bainistíochta Chuideachta Senator Engineering i gColáiste Mannix i Ráth Luirc chun sparánachtaí a bhronnadh ar bheirt mhac léinn ar son a gcuid torthaí san Ardeist i 2003. B'iad sin Ciara Twomey agus Michael Morrissey atá anois i mbun staidéir in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Mórghradam do dhearthóir Ros Mhic Thriúin

Ghnóthaigh céimí as Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh mórghradam náisiúnta ar son a saothar i searmanas i mBéal Feirste an tseachtain seo caite. Rinne sí staidéar ar an Dearadh Cumarsáide i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh ar feadh ceithre bliana agus ghnóthaigh sé céim den chéad ghrád i 1996. Bhuaigh sí an gradam ar son a cuid oibre ar leabhar darb ainm 'Brown Morning'.

Taispeántas nua Lománaíochta

Osclófar taispeántas péintéireachta i Luimneach a spreagadh ag taithí ealaíontóra as Luimneach ar an lománaíocht san Astráil. Fuair Kieran Cary céim ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh i 1998 agus chuaigh sé ar aghaidh ansin chun céim máistir i mínealaíona a dhéanamh in Ollscoil Uladh.

Éilíonn mic léinn bréagáin

Fuair mic léinn as Roinn na nDaonnachtaí in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ceacht san ábhar is rogha leo an mhí seo. D’eagraigh na mic léinn chomhbhácha éileamh bréagán Nollag i measc a gcomhscoláirí agus bhaill na foirne. Bailíodh níos mó ná 200 bosca agus cuireadh iad go lucht eagraíochta Operation Christmas Child, an charthanacht a sheolann na mílte boscaí go leanaí bochta gach bliain.

Molann stiúrthóir ITL na céime ag searmanas

Bhailigh dearthóirí, ealaíontóirí, eolaithe agus innealtóirí an todhchaí le chéile in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh an tseachtain seo caite do bhronnadh céime na bliana 2003. Agus é ag labhairt ag na searmanais dúirt stiúrthóir ITL, Vincent McCarthy gurb iad na daoine an acmhainn ba thábhachtaí in eacnamaíocht eolasbhunaithe agus gur mhaith leis buíochas a ghabháil as ucht an chúnamh a fuair ITL ón AE agus ón Rialtas don ‘choláiste breá atá againn inniu’.

Lampa Aladdin chun an chathair a lasadh suas

Tá amharclann na mílaoise in ITL agus Scoil Amharclainne Centre Stage ag teacht le chéile chun geamaireacht a léiriú sa chathair i séasúr na féile.

Taispeántas stíle ó na mic léinn

